2023/2115

6.10.2023

# CINNEADH (AE) 2023/2115 ÓN gCOMHAIRLE

**an 30 Bealtaine 2023**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse (Líne bhuiséid 07 20 03 01 – Slándáil Shóisialta)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 46 agus 48 CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([2]) ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, *inter alia*, a leasú ('Prótacal 31').

(3) Is iomchuí leanúint de chomhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE chun comhar a chumhdach a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe, comhordú córas slándála sóisialta agus bearta le haghaidh imirceach, lena n-áirítear imircigh as tríú tíortha.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 31 a leasú dá réir.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais laistigh de Chomhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an Dréachtchinneadh atá i gceangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atáthar a bheartú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, bunófar an seasamh sin ar an dréacht-Chinneadh ó Chomhchoiste LEE atá ceangailte leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.
([2]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Bealtaine 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. ROSWALL

DRÉACHT

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. ...**

**an ...**

**lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iomchuí leanúint de chomhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE i ngníomhaíochtaí an Aontais a chistítear ó bhuiséad ginearálta an Aontais agus a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe, comhordú scéimeanna slándála sóisialta agus bearta le haghaidh imirceach, lena n-áirítear imircigh as tríú tíortha.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go bhféadfaidh an comhar leathnaithe seo a bheith ann ón 1 Eanáir 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I míreanna 5 agus 14 d'Airteagal 5 de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, cuirtear na focail 'blianta airgeadais 2021, 2022 agus 2023' in ionad na bhfocal 'blianta airgeadais 2021 agus 2022'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE *.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

*Airteagal 3*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, *d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]